# Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2025 a Cheiliúradh ar Scoil

## Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2025 ná Scoileanna Caitliceacha: Beo i gCríost.

Sa litir spreagúil *Christus Vivit*, deir an Pápa Proinsias linn go bhfuil Críost beo beathach. Is eisean ár ndóchas, tugann sé dóchas na hóige anuas leis. Rian óg, úr, lán de bheocht é a rian ar an saol.

An chéad rud a dúirt an Pápa ná go bhfuil Críost beo, agus gur mhaith leis go mbeimis beo beathach muid féin. Meabhraíonn sé dúinn go mbíonn beatha Chríost i gceartlár shaol na scoile. Déanann na scoileanna a ndícheall féachaint chuige go sroicheann gach aon dalta barr feabhais, beag beann ar aicme, ar chreideamh agus ar eitneachas. Bíonn fáilte agus cuimsiú roimh chách toisc gur de chlann Dé an uile dhuine againn, is den daonnacht choiteann dúinn. Is é Íosa féin a léiríonn méid ghrá Dé dúinn, an té a thugann an dea-shampla dúinn conas mar is féidir maireachtáil go beo beathach inár gcuid smaointe, i mbriathra is i ngníomhartha.

Má mhairimid de réir mar a mhúin Íosa dúinn, spreagtar an bheatha Chríostaí ionainn, ionas gur féidir linn an caighdeán maireachtála a lorgaíonn sé uainn a sroicheadh.

I rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha aithnímid agus déanaimid ceiliúradh ar an ionchur uathúil a dhéanann na scoileanna Caitliceacha maidir le saol folláin faoi rath a bheith ag na daltaí. Tá eiseamláir foirfe againn i gCríost, an té a thaispeánann dúinn conas is féidir maireachtáil go beo beathach agus barr ár gcumas a bhaint amach ar bhealach lán de chreideamh, de dhóchas is de ghrá. Iarrtar orainn ríocht Dé a thógáil ar domhan trí dhea-shampla Chríost a leanúint. Nuair a bhímid iomlán beo beathach i gCríost, bíonn rath orainn, cuirimid plean Dé dúinn i gcrích.

> ‘Tháinig mise chun go mbeadh an bheatha acu agus go mbeadh sí acu go fial.’ (Eoin 10:10)

### Is iad téamaí an lae ná:

| | |
|---|---|
| **An Luan** | **Saol Iomlán Beo i Measc Phobal na gCarad** |
| **An Mháirt** | **Saol Iomlán Beo i Measc Phobal an Chreidimh** |
| **An Chéadaoin** | **Saol Iomlán Beo i Measc na Muintire** |
| **An Déardaoin** | **Saol Iomlán Beo ar Son agus i Measc Chách** |
| **An Aoine** | **Saol Iomlán Beo ar Son an Leasa Choitinn** |

De réir an nóis le blianta beaga anuas, baineann acmhainní áirithe leis na téamaí éagsúla, in oiriúint do na ranganna éagsúla: Naíonáin: Sinsir & Sóisir/Bunscoil 1&2; Rang 1&2/Bunscoil 3&4; Rang 3&4/ Bunscoil 5&6; agus Rang 5&6/Bunscoil 7. Déantar na snáitheanna is na snáithaonaid ó *Churaclam an Oideachais Reiligiúnaigh Chaitlicigh do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna na hÉireann* atá ábhartha do na grúpaí éagsúla a lua ag tosach na gceachtanna.

Ar an gCéadaoin beidh Lá na Seantuismitheoirí á cheiliúradh. Moltar gníomhaíochtaí áirithe don lá sin. Moltar do na scoileanna an lá a cheiliúradh ar bhealach a réitíonn le cúinsí agus le féidearthachtaí na scoile. Bheadh Aifreann páirteach ar son na seantuismitheoirí oiriúnach, más féidir. Tá seirbhís urnaí atá oiriúnach don scoil nó don seomra ranga ar fáil, agus moltaí don cheiliúradh sa pharóiste.

Tá gach aon acmhainn ar fáil ar líne ag: *www.catholicschools.ie*.

# Machnamh an Lae

**Is féidir machnamh an lae a léamh os ard sa seomra ranga nó é a chraoladh don phobal ar fud na scoile ar an gcóras idirchumarsáide. Is féidir le dalta nó le ball foirne an machnamh a léamh. Bíodh machnamh gearr Críostaí ann i ndiaidh an tsleachta.**



## AN LUAN

Is é seo an chéad lá de Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2025. Áit ar leith í an scoil Chaitliceach ina mbímid ag foghlaim conas maireachtáil de réir mar a mhúin Íosa dúinn. Míníonn Íosa dúinn conas a bheith mar chara dílis don duine eile, conas aire a thabhairt dá chéile, agus comhbhá a léiriú i leith na ndaoine uaigneacha agus i leith na ndaoine ar an imeall. Deonaigh go gcuirfimid an tallann agus na buanna atá againn ar fáil le freastal ar dhaoine eile, toisc gur seo an bealach ina léirímid go bhfuilimid beo i gCríost.

*A Thiarna, cabhraigh linn maireachtáil de réir mar a mhúin tusa dúinn. Guímis le chéile an urnaí a bhronn Íosa orainn: Ár nAthair ...*

## AN MHÁIRT

Iarrtar orainn machnamh a dhéanamh inniu ar an mbealach ina bhféadfadh pobal an chreidimh ar scoil, cabhrú linne saol iomlán beo a chaitheamh. Áit í an scoil Chaitliceach ina mbíonn paidreacha le foghlaim againn, bímid ag éisteacht le scéalta an Bhíobla, agus ag machnamh faoi na ceachtanna a mhúineann Íosa dúinn maidir le Dia ar neamh. Aontaítear mar phobal grámhar amháin muid, tugaimid aire dá chéile agus freastalaímid ar Dhia ar bhealach a bhíonn lán den chreideamh, den dóchas is den ghrá. Nuair a dhéanaimid a leithéid, bímid beo i gCríost.

*A Thiarna, cabhraigh linn maireachtáil de réir mar a mhúin tusa dúinn. Guímis le chéile an urnaí a bhronn Íosa orainn: Ár nAthair ...*





## AN CHÉADAOIN

Iarrtar orainn inniu na seantuismitheoirí a cheiliúradh. Is tíolacadh ó Dhia inár saol iad. Bíonn go leor le foghlaim uathu maidir leis an mbeatha, an creideamh is an freastal. Iarrtar orainn smaoineamh orthu agus tacaíocht a thabhairt dóibh, cuimhneamh orthu inár gcuid urnaí agus na ceachtanna a mhúineann siad dúinn a chur i bhfeidhm. Nuair a leanaimid an dea-shampla grámhar a thugann siad dúinn, bímid beo i gCríost.

*A Thiarna, cabhraigh linn maireachtáil de réir mar a mhúin tusa dúinn. Guímis le chéile an urnaí a bhronn Íosa orainn: Ár nAthair ...*

## AN DÉARDAOIN

Iarrtar orainn inniu smaoineamh ar an mbealach ina bhféadfaimis saol iomlán beo a chaitheamh ar son agus i measc na ndaoine eile. Foghlaimímid sa scoil Chaitliceach gur constaic i mbealach Dé iad an leithleachas, an ghráin is an easpa cineáltais. Cuireann siad bac orainn bheith mar lucht leanúna Dé, ní féidir linn grá a léiriú do Dhia, don duine eile, dúinn féin fiú. Is é soiscéal Íosa é, go mbíonn ár gcuid folláine féin ceangailte go dlúth le folláine an duine eile. Iarrtar orainn an riail órga a chur i bhfeidhm, Dia agus an duine eile a ghrá, agus an mhaith a lorg inár gcuid smaointe, i mbriathra agus i ngníomhartha. Nuair a dhéanaimid a leithéid, bímid beo i gCríost.

*A Thiarna, cabhraigh linn maireachtáil de réir mar a mhúin tusa dúinn. Guímis le chéile an urnaí a bhronn Íosa orainn: Ár nAthair ...*





## AN AOINE

Tá Seachtain na Scoileanna Caitliceacha ag druidim chun deiridh, agus iarrtar orainn smaoineamh ar an mbealach ina bhféadfaimis saol iomlán beo a chaitheamh ar son an leasa choitinn. Tá an domhan mór taobh amuigh den scoil Chaitliceach, ach ní hé sin le rá nach féidir linn dea-thionchar a bheith againn air. Bíonn níos mó ná an mata, an léamh is an scríobh le foghlaim anseo. Foghlaimímid go bhfuil an saol a chruthaigh Dia dúinn inár dtimpeall, agus go mbíonn an tallann agus na buanna againn le hathrú deimhneach a chur i bhfeidhm air. Is féidir linne a bheith mar lucht an chlaochlaithe, an eagla a chur ina dhóchas, an fhearg ina thrócaire, an rud éagothrom a chur ina cheart. Is sa scoil Chaitliceach a fhoghlaimímid conas teachtaireacht ghrámhar Dé a leanúint inár saol féin agus é a léiriú don duine eile. Nuair a dhéanaimid a leithéid, bímid beo i gCríost.

*A Thiarna, cabhraigh linn maireachtáil de réir mar a mhúin tusa dúinn. Guímis le chéile an urnaí a bhronn Íosa orainn: Ár nAthair ...*